

IMDHÍONADH

Daoine óga

agus imdhíonadh



Irish translation of *Young people and immunisation*

Cuimhnimis - Imdhíonaimis

Imdhíonadh

Is é imdhíonadh - ag forbairt imdhíonachta i ndiaidh vacsaín a fháil - an dóigh is sábháilte agus is fearr le tú féin a chosaint ar ionfhabhtuithe tromchúiseacha.

De thairbhe an chláir imdhíonta do pháistí ní mó ná gur ann a thuilleadh do ghalair ar nós diftéire, teiteanas, polaimiailítis agus bruitíní i dTuaisceart Éireann. D'fhéadfadh na galair sin teacht ar ais, áfach, agus, mar sin de, is barrthábhachtach do chuid imdhíonachta a choinneáil ag an leibhéal cúí.

Sa bhileog seo tá eolas ar na gnáth-imdhíontaí a thairgtear do dhaoine óga roimh fhágáil na scoile dóibh. Is tábhachtach go bhfaigheann daoine óga gach vacsaín acu.

Nuair atá cúrsa iomlán na n-imdhíontaí

comhlánaithe agat, is iondúil go bhfuil cosaint saoil agat. Níos faide anonn, áfach, b'fhéidir go mbeadh teandáileoga nó imdhíontaí breise de dhíth ort faoi choinne post áirithe nó roimh thaisteal chuig tíortha áirithe (mar a bhfuil na galair ionfhabhtaíocha seo forleathan go fóill).

Roimh fhágáil na scoile dóibh tairgfear na himdhíontaí seo a leanas do gach duine:

- Teiteanas agus teandáileog Diftéire;
- Teandáileog Polaimiailítis.

Chomh maith leis sin, mura bhfuil taifead ag duine óg maidir le imdhíonadh Meiningítis C nó MMR gach seans go dtairgfear na himdhíontaí sin dó/di fosta. Má chaill tú imdhíonadh ar bith eile, thig le do dhochtúir a fháil amach agus na cinn a chaill tú a thabhairt duit.



Cad chuige imdhíonadh?

Tá na vacsaíní uile a úsáidtear do ghnáth-imdhíontaí iontach sábháilte. Tá siad an-éifeachtach maidir le galair a chosc agus is an-bheag an baol go mbeidh fo-iarsmaí tromchúiseacha ann dá mbarr. Os a choinne sin, is tromchúiseach na galair iad, galair a d'fhéadfadh bás duine a thabhairt. Déanann an tábla thíos comparáid idir fo-iarsmaí na vacsaíní agus

na galair. Léiríonn sé seo gur fearr i bhfad na vacsíní a fháil ná dul i gcontúirt na galair a thógóil. D'fhéadfadh vacsaín ar bith bheith mar chúis le frithghníomh ailéirge. Is fíorannamh a tharlaíonn sé seo - thart faoi 1 i ngach 100,000 imdhíonadh. Cé go gcuireann said imní orainn, má thugtar an chóireáil cheart dúinn tagaimid chugainn féin go gasta agus go hiomlán.

Galar	Iarsmaí an ghalair	Fo-iarsmaí na vacsaíne
Vacsainí: Teanndáileog Teiteanaís agus Diftéire (Td) (instealladh amháin sa sciathán uachtair)		
Teiteanas	<p>Tagtar ar fhrídíní teiteanaís i gcreáfóg agus thig leo dul isteach sa chorp mar ar gearradh nó ar dódh é. Is é is cúis le freangaí dosmachtaíthe an-nimhneacha sna matáin. Is iad seo is cúis le glas géill, deacrachtaí anáilaithe agus bíonn siad chomh holc agus go mbristear dromlach nó cnámha. Ar na deacrachtaí breise tá fadhbanna croí, níúmóine agus cóma.</p> <p>Is é an bás an toradh atá ar Theiteanas i 1 cás as 3.</p>	<p>Is iondúil go mbíonn pian agus deirge thart faoin áit ar tugadh an t-instealladh. Is annamh a bhíonn drochat i gceist.</p> <p>Is annamh a bhíonn frithghníomh ginearálta ar nós fiabhrais, pianta matáin, agus tinnis chinn ann, agus fiú má bhíonn, ní mhaireann siad ach lá nó dhó.</p>
Diftéire	<p>Is gnáth go dtosaíonn diftéire le drochghalrú sa scórnach agus sar i bhfad bíonn fadhbanna anáilaithe i gceist. Scaoileann an galrú tocsain a dhéanann damáiste don chroí agus don chóras néarógach. Ina dhiaidh sin, tagann níúmóine, cliseadh croí, cliseadh anáilaithe agus, i gcásanna an-tromchúiseacha, bás.</p> <p>Roimh vacsaíniú, bhí suas le 1,500 cás sa bhliain i dTuaisceart Éireann.</p> <p>Is é an bás an toradh atá ar dhiftéire i 1 as 10 gcás.</p>	<p>Is iondúil go mbíonn pian agus deirge thart faoin áit ar tugadh an t-instealladh.</p> <p>Gan bheith ag mothú go maith, teocht ard agus uaireanta, tinneas cinn ar feadh tamaillín.</p> <p>Ní eol go bhfuil aon fho-iarsmaí tromchúiseacha ann.</p>

Galar	Iarsmaí an ghalair	Fo-iarsmaí na vacsaíne
Vacsaín; Teanndáileog Polaimiailítis (deora sa bhéal)		
Polaimiailítis	<p>Is víreas é polaimiailítis a ionsaíonn an córas néarógach agus a dtig leis parailis a chur ar na matáin. Polaimiailítis is cúis, i gcásanna áirithe, le meiningíteas. Is í an pharailis seo is cúis le fadhbanna tromchúiseacha anáilaithe agus leis an bhás féin. Is minic a bhíonn parailis bhuan ar dhaoine a mbíonn polio orthu.</p> <p>Roimh vacsaíniú bhí suas le 300 cás sa bhliain i dTuaisceart Éireann.</p> <p>Is é an bás is toradh le 1 as gach 20 cás maidir le páistí agus 1 as 4 chás maidir le haosaigh.</p>	<p>I bhfíor-chorrchás is é vacsaín polaimiailítis is cúis le parailis - 1 as gach 2.5 milliún dáileog. Is ionann sin agus 1 cás gach 25 bliain i dTuaisceart Éireann.</p> <p>I vacsaín an pholaimiailítis tá víreas beo an pholaimiailítis a dtig leis bheith i do fhaecas go ceann sé seachtaine i ndiaidh d'ímdhíonta. Nigh do lámha go maith i ndiaidh dul chuig an leithreas, go háirithe i ndiaidh na teanndaileoige polaimiailítis a fháil.</p>
Vacsaín: Meiningíteas C (instealladh amháin sa sciathán uachtair)		
Meiningeacocúil Grúpa C	<p>Athlasadh líneáil na hinchinne agus an chorda dromlaigh is ea an meiningíteas. Víreais nó baictéir éagsúla is cúis leis agus cosnaíonn an vacsaín seo muid ar cheann amháin acu. Is é an baictéar Meiningeacocúil Grúpa C is cúis le meiningíteas agus le galrú fola (septicéime). D'fhéadfadh damáiste buan inchinne nó an bás féin a bheith mar thoradh orthu. Is iad na hiarsmaí fadtréimhseacha is coitianta ná coilm craicinn, daille, cailleadh éisteachta, taomanna, teasctha agus damáiste inchinne.</p> <p>Is é an bás an toradh atá ar ghalrú fola in 1 cás as 5.</p> <p>Is é an bás an toradh atá ar mheiningíteas in 1 cás as 15.</p>	<p>Is iondúil go mbíonn pian agus deirge thart faoin áit ar tugadh an t-instealladh.</p> <p>Fiabhras ó am go chéile agus tinneas cinn.</p> <p>Go fíorannamh tagann taomanna ar dhaoine ach ní eol go bhfuil aon fho-iarsmaí fadtréimhsecha ann.</p>

Galar	Iarsmaí an ghalair	Fo-iarsmaí na vacsaíne
Vacsáin: Bruitíneach, leicneach, bruitíneach dhearg (MMR)(instealladh amháin sa sciathán uachtair)		
Bruitíneach	<p>Víreas an-ionfabhtaíoch is cúis le bruitíneach arb í teocht ard agus gríos an toradh atá air. Ar na deacrachtaí coitianta a thagann de bharr bruitíní tá ionfhabhtú cluaise, brollaigh, trithí, fadhbanna anáilithe agus meiningíteas/einceifilíteas (athlasadh na hinchinne). I gcásanna tromchúiseacha is é an bás an toradh atá ar bhruitíneach.</p> <p>An bás an toradh atá ar bhruitíneach in 1 cás as 2,500-5,000.</p>	<p>Is fíorannamh a bhíonn fo-iarsmaí ann i ndiaidh MMR. Thart faoi sheachtain nó 10 lá i ndiaidh imdhíonta b'fhéidir go dtiocfadh fiabhras ort, agus gríos ar cosúil é le bruitíneach ort agus nach mbeadh goile agat - de réir mar a théann an chuid den vacsaín ina bhfuil bruitíneach i bhfeidhm ort. Tá seans ann fosta go dtiocfaidh pianta sna hailt ort.</p>
Leicneach	<p>Is ionfhabhtú víreasach í leicneach arb é a thoradh at na bhfaireog san aghaidh agus sa mhúineál. Roimh imdhíonadh ba í leicneach príomhchúis mheiningítis víreasaigh i bpáistí.</p> <p>D'fhéadfadh bodhaire a bheith mar thoradh ar leicneach ach de ghnáth tagann an éisteacht ar ais go hiomlán. D'fhéadfadh athlasadh úiríocha i ndéagóirí agus i bhfir agus athlasadh ubhagán i ndéagóirí agus i mná a bheith mar thoradh fosta ar leicneach.</p>	<p>Thart faoi thrí seachtaine i ndiaidh an insteallta b'fhéidir go dtiocfadh leicneach éadrom ort de dheasca chuid na leicní den MMR bheith ag dul i bhfeidhm ort.</p>
Bruitíneach dhearg	<p>De ghnáth is ionfhabhtú Éadrom í ar víreas is cúis leis. Má thagann sí ort áfach, agus tú ag iompar clainne, go luath sa toircheas go háirithe, d'fhéadfadh breith anabáí nó fadhbanna móra sláinte ar nós daille, bodhaire, fadhbanna croí nó damáiste inchinne a bheith ag an bhabaí mar thoradh uirthi. Is é is cúis fosta in amanna le hathlasadh na hinchinne agus le téachtadh fola.</p>	<p>Thart faoi dhá sheachtain i ndiaidh MMR tá caoiseans ann go dtiocfaidh gríos ar an chraiceann ionann is go bhfuil sé brúite. Is mar gheall ar cuid na bruitíní deirge den imdhíonadh a tharlaíonn sé seo. Tagann biseach nádúrtha air seo de ghnáth, ach má fheiceann tú baill mar seo taispeáin do do dhochtúir iad.</p>

Meiningíteas

Cosnaíonn vacsaín meiningíteas C muid ar chineál amháin meiningítis agus galraithe fola. Tá cineálacha eile ann nach bhfuil vacsaín ar bith ann dóibh. Mar sin de, is tábhachtach bheith ar d'airdeall maidir leis na comharthaí a bhaineann leo.

De dheasca meiningítis d'fhéadfadh líneáil na hinchinne at. D'fhéadfadh galrú fola (seipticéime) teacht ort de dheasca na bhfrídíní céanna. Mura dugtar cúram ceart don othar d'fhéadfadh an dá ghalar bheith marfach.

Ar dtús bíonn na comharthaí cosúil le comharthaí slaghdáin nó ulpóige.

Ina measc tá:

- fiabhras (37.5°C nó níos airde);
- míshuaimhneas;
- ag caitheamh amach;
- diúltú a dhath a ithe.

Má thagann meiningíteas nó seipticéime ar dhuine d'fhéadfadh sí /sé éirí iontach tinn lastigh de chúpla uair an chloig.

Ar na comharthaí le bheith ar d'airdeall faoi tá:

- righneas sa mhúineál - an dtig leis/léi baint dá c(h)lár éadain lena g(h)lúin;
- bheith codlatach nó trína chéile;
- an-tinneas cinn;
- cuireann solas geal as go mór dó/di;
- baill chorra nó dhearga nach n-imíonn nuair a chuirtear brú orthu (féach grianghraf). D'fhéadfadh siad seo bheith áit ar bith ar an corp.

Má éiríonn duine tinn agus aon cheann de na comharthaí seo air/uirthi, cuir fios láithreach ar do dhochtúir nó tabhair chuig roinn timpiste agus éigeandála na hotharlainne áitiúla é/í.

Má tá tuilleadh eolais de dhíth ort faoi mheiningíteas, déantar teagmháil le:
Meningitis Research Foundation
Teil: 028 9032 1283 ná ar an chabhairlíne
24 uair 080 8800 3344 ná ar
National Meningitis Trust
Cabhairlíne 24 uair: Lo-call 0845 6000 800.



Má bhrúitear gloine go daingean in éadan gríos seipticéime ní imeoidh an gríos. beidh tú in inmhe an gríos a fheiceáil tríd an ghloine. Más mar seo atá cuir fios ar an dochtúir láithreach.

I ndiaidh imdhíonta



Má mhothaíonn tú rud beag tinn i ndiaidh imdhíontaí nó má bhíonn fo-iarsmaí éadroma den chineál a luaitear sa tábla ag cur as duit, d'fhéadfá pianmhúchán ar nós paracetamol a ghlacadh. Cuimhnigh go gcaithfidh tú na treoracha ar an phaicéad a léamh nó iarr comhairle ar an chógaiseoir.

Má bhíonn tú iontach imníoch faoi, cuir fios ar an dochtúir.

Cá huair nár chóir na vacsaíní a thabhairt?

Tá fíorbheagán fáthanna nár chóir na vacsaíní a thabhairt. Ina measc tá:

- fiabhras ar an lá a bhfuil an vacsaín le tabhairt;
- frithghníomh tromcháiseach ailéirge nuair a tugadh vacsaín cheana. Pléitear é seo le dochtúir nó le banaltra.

Ba chóir duit dochtúir/banaltra na scoile a chur ar an eolas má tá

- galar tromchúiseach a laghdódh d'ímdhíonacht ar nós leicéime ort féin nó ar bhall de do theaghlach;
- tú féin nó ball de do theaghlach ag fáil cóireála a laghdódh d'ímdhíonacht.

Ba chóir do mhná óga a shléann go bhfuil siad ag iompar clainne labhairt go príobháideach le dochtúir/banaltra na scoile, a ndochtúir féin ná le múinteoir sula n-ímdhíontar iad.



Má tá tuilleadh eolais de dhíth ort nó dá mba mhaith leat labhairt le duine éigin faoi imdhíonadh déan teagmháil le do bhanaltra/dhochtúir scoile nó le do dhochtúir féin. D'fhéadfá cuairt a thabhairt ar shuíomh idirlín an RSSSSP ar www.dhsspsni.gov.uk/phealth nó ar shuíomh idirlín naisúnta an imdhíonta ar www.immunisation.org.uk.



Health
Promotion
Agency

Designed and produced by the Health Promotion Agency for Northern Ireland on behalf of the Department of Health, Social Services and Public Safety.